Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**12157/23**

**AGRI 424**
**AGRIFIN 90**
**FIN 836**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Iúil 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10982/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 06/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Coinbhleacht leasa i gcaiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta AE: Tá creat i bhfeidhm, ach tá bearnaí sna bearta trédhearcachta agus braite'<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

Tuarascáil speisialta 06/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *'Coinbhleacht leasa i gcaiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta AE: Tá creat i bhfeidhm, ach tá bearnaí sna bearta trédhearcachta agus braite*',

a d'fhormheas an Chomhairle é ag an 3966ú cruinniú a bhí aici an 25 Iúil 2023.

## Conclúidí ón gComhairle

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**
***'Coinbhleacht leasa i gcaiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta AE: Tá creat i bhfeidhm, ach tá bearnaí sna bearta trédhearcachta agus braite'***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2023 ón gCúirt dar teideal 'Coinbhleacht leasa i gcaiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta AE: Tá creat i bhfeidhm, ach tá bearnaí sna bearta trédhearcachta agus braite', inar scrúdaíodh ar chuir an Coimisiún agus na Ballstáit beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna coinbhleachta leasa sa Chomhbheartas Talmhaíochta agus in íocaíochtaí comhtháthaithe;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún chun feabhas a chur ar an gcumas coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a thuairisciú agus chun trédhearcacht a chur chun cinn, rud a nglacann an Coimisiún leis;

3. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an fíoras gur cuid bhunriachtanach den dea-rialachas agus den bhainistiú fónta airgeadais iad beartais éifeachtacha agus rialacha soiléire maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gné de chóras ginearálta bainistíochta agus cosanta chistí an Aontais é coinbhleachtaí leasa a chomhrac agus nach mór breathnú air i gcomhthéacs creata níos leithne mar aon le comhrac na calaoise agus an éillithe, nósanna imeachta soláthair phoiblí, tacaíocht do sceithirí agus nósanna imeachta trédhearcachta;

5. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí an Choimisiúin ó rinneadh an leasú deireanach ar an Rialachán Airgeadais chun léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha a chur chun cinn, agus chun feasacht a mhúscailt i measc na mBallstát, i measc comhpháirtithe seachtracha, agus aon tosca ábhartha eile, go háirithe an treoir ina gcuimsítear samplaí praiticiúla, moltaí agus comhairle.

6. AITHNÍONN SÍ acmhainneacht na n-uirlisí mianadóireachta sonraí agus an gá atá le réitigh theicneolaíocha nua-aimseartha a lorg lena gcuirtear breisluach leis na córais atá i bhfeidhm sna Ballstáit; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na teorainneacha a bhaineann le bailiú sonraí; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá comhréireacht leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a áirithiú agus an t-ualach riaracháin a laghdú; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór cosaint an phríobháideachais a áirithiú;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, ó cuireadh an tuarascáil speisialta seo i gcrích, go ndearnadh tuilleadh oibre agus feabhsuithe ar chórais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin agus na mBallstát i gcomhréir leis na moltaí ón gCúirt.